Tuirbíní gaoithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuirbiní gaoithe. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

cead pleanála	scoilte	guthán póca
comharsana	an-oiriúnach	srianta

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cá bhfuil Séipéal na Carraige?
2. Cé mhéad tuirbín gaoithe atá le tógáil ansin?
3. An bhfuil muintir na háite ar fad sásta? Cén fáth?
4. Cad a dhéanfaidh siad?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'Tá cead pleanála tugtha le leathchéad tuirbín gaoithe *a thógáil*.'
'Ní féidir le Síle Coughlan an pictiúr ar an teilifís *a fheiceáil*.'

Anois an féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Beidh ort séimhiú a chur ar an bhfocal idir lúibíní.

1. Caithfidh na paistí an obair bhaile a _____ roimh an dinnéar. (déanamh)
2. Rinne Máire dearmad bainne a _____ san ollmhargadh. (ceannach)
3. D'éirigh Seán go luath chun an carr a _____. (glanadh)
4. D'úsáid Siobhán an scian chun na glasraí a _____. (gearradh)
5. Shuigh na paistí síos chun na ceachtanna a _____. (foghlaim)
6. Chaill Pól an eochair agus bhí air an fhuinneog a _____ chun an carr a oscailt. (briseadh)

Ceist 4 Féach ar an abairt thíos:

'Ní fhaigheann Síle Coughlan ach *drochphictiúr* ar an teilifís.'

An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh? Cuir séimhiú ar an dara focal, más féidir.

1	droch + pictiúr	drochphictiúr
2	droch + aimsir	drochaimsir
3	droch + scéal	
4	droch + bia	
5	droch + béasach	
6	droch + focal	
7	droch + rud	
8	droch + obair	
9	droch + duine	
10	droch + sampla	

Ceist 5 Féach ar na habairtí thíos:

'Deir Denis Cremins go bhfuil a lán daoine *ina gcónaí* laistigh de chúpla míle ó na tuirbíní.'
'Tá Síle Coughlan *ina cónaí* in aice leis na tuirbíni.'

Anois an féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Uaireanta beidh ort focal 'cónaí' a athrú.

1. Rugadh Colin Farrell i mBaile Átha Cliath ach tá sé ina _____ i Los Angeles anois.

2. Rugadh mé sa Fhrainc ach tá mé i mo _____ in Éirinn anois.

3. Tá Eoin agus Bríd ina _____ i gCorcaigh.

4. Cá bhfuil tú i do _____?

5. Tá mé féin agus mo mhuintir in ár _____ in aice leis an aerfort.

6. Cá bhfuil sibhse in bhur _____?

7. Tá Peadar ina _____ in árasán álainn i lár na cathrach.

8. Tá an bhanríon ina _____ i mBuckingham Palace.

Ceist 6 Cad a cheapann tú faoi thuirbíní gaoithe? An bhfuil gá leo in Éirinn chun leictreachas a chur ar fáil? Ar mhaith leat tuirbín a bheith in aice le do theach? Cén fáth? An aontaíonn tú leis na daoine i Séipéal na Carraige nach bhfuil sásta faoi na tuirbíní?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

cead pleanála – *planning permission*
scoilte – *split/divided*
guthán póca – *mobile phone*
comharsana - *neighbours*
an-oiriúnach – *very suitable*
srianta - *restrictions*

Ceist 2

1. Tá Séipéal na Carraige i dtuaisceart Chontae Chorcaí.

2. Leathchéad/caoga. Tá cead pleanála tugtha le breis is leathchéad tuirbín gaoithe a thógáil.

3. Níl siad ar fad sásta. Deir roinnt daoine go gcuireann na tuirbíní isteach go mór ar an teilifís agus ar ghutháin póca agus go mbíonn torann uathu chomh maith.

4. Tá siad chun bualadh leis an Aire Comhshaoil, Dick Roche, agus leis an Aire Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey.

Ceist 3

1. a dhéanamh
2. a cheannach
3. a ghlanadh
4. a ghearradh
5. a fhoghlaim
6. a bhriseadh

Ceist 4

1	droch + pictiúr	drochphictiúr
2	droch + aimsir	drochaimsir
3	droch + scéal	drochscéal
4	droch + bia	drochbhia
5	droch + béasach	drochbhéasach
6	droch + focal	drochfhocal
7	droch + rud	drochrud
8	droch + obair	drochobair
9	droch + duine	drochdhuine
10	droch + sampla	drochshampla

Ceist 5

1. Rugadh Colin Farrell i mBaile Átha Cliath ach tá sé ina chónaí i Los Angeles anois.
2. Rugadh mé sa Fhrainc ach tá mé i mo chónaí in Éirinn anois.
3. Tá Eoin agus Bríd ina gcónaí i gCorcaigh.
4. Cá bhfuil tú i do chónaí?
5. Tá mé féin agus mo mhuintir inár gcónaí in aice leis an aerfort.
6. Cá bhfuil sibhse in bhur gcónaí?
7. Tá Peadar ina chónaí in árasán álainn i lár na cathrach.
8. Tá an bhanríon ina cónaí i mBuckingham Palace.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

I Séipéal na Carraige i dtuaisceart Chontae Chorcaí tá cead pleanála tugtha le breis is leathchéad tuirbín gaoithe leictreachais a thógáil. Tá an pobal scoilte faoin scéal. Deir an dream atá in aghaidh an phlean go gcuireann na tuirbíní isteach go mór ar an teilifís agus ar ghutháin phóca agus go mbíonn an-torann uathu chomh maith. Tá an scéal ag Grett O'Connor.

Grett O'Connor

Go dtí seo níl ach aon cheann déag de na tuirbíní gaoithe atá ceadaithe do cheantar Shéipéal na Carraige tógtha ach cheana féin tá seanchairde agus comharsana in adharca a chéile dá mbarr. Nuair a bheidh na tuirbíní eile curtha in airde, beidh cuid acu i ngiorracht cúig chéad méadar do thithe cónaithe, rud atá ag déanamh buartha do a lán daoine sa cheantar seo.

Jack Roche

Tá an fhuaim[1] go hard, i bhfad ró…agus tá sé go han-ard ar fad anseo i Séipéal na Carraige. Tá gleo leis an nguthán póca[2]. Tá trioblóid le teilifís, Teilifís Éireann…em…Teilifís a haon, a dó, Teilifís a trí agus TG4. Agus gach áit ina bhfuil siad tá trioblóid agus na…is iad na daoine atá ina bhfábhar[3] ná na daoine go bhfuil airgead le fáil acu as.

Grett O'Connor

Tá tuirbíní le tógáil i mbliana ar thalamh de chuid Dennis Cremins. Deir seisean go bhfuil an ceantar seo an-oiriúnach dóibh, rud atá aitheanta i bplean forbartha an chontae. Deir sé go bhfuil a lán daoine ina gcónaí laistigh de chúpla míle ós na tuirbíní agus ní chuireann siad isteach nó amach orthu. Ach ní hamhlaidh atá an scéal ag Síle Coughlan nach bhfaigheann ach drochphictiúr ar a teilifís ó thosaigh na tuirbíní ag ginniúint. Ní féidir brath ar an gcóras gutháin póca ach oiread. Tá pobal na háite seo scoilte ina dhá leath ar cheist chonspóideach na muilte gaoithe ach tá sé i gceist ag an dream atá ina gcoinne dul níos faide leis. Tá siad chun bualadh leis an Aire Comhshaoil, Dick Roche, agus leis an Aire Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey, mar chuid dá bhfeachtas chun na srianta cuí dar leo a chur le forbairt fuinnimh gaoithe sa tír seo.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Séipéal na Carraige, Co. Chorcaí

[1] a*n fuaim* a deirtear sa mhír
[2] *leis an guthán phóca* a deirtear sa mhír
[3] *i bhfabhar iad* a deirtear sa mhír